Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018
(OR. en)

6125/18

CFSP/PESC 137
DEVGEN 15
CLIMA 25
COPS 41
ENV 75
ONU 8
RELEX 113

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6094/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Feabhra 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3598ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl ar an 26 Feabhra 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TAIDHLEOIREACHT AERÁIDE

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

**Tiomantas don iltaobhachas/Práinn cur chun feidhme pras Chomhaontú Pháras**

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS, i gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais, an tábhacht a bhaineann le hord roinnte domhanda atá bunaithe ar rialacha, ag a mbeidh an t-iltaobhachas ina phrionsabal lárnach agus a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár agus ATHDHEIMHNÍONN SÍ go leanfaidh an tAontas de threoir a thabhairt maidir le gníomhú domhanda ar son na haeráide, ionas go bhféadfar Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go hiomlán mar aon le clár oibre 2030 a bhaint amach, clár a bhfuil na spriocanna forbartha inbhuanaithe ina chroílár.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI an fhianaise láidir eolaíoch a cuireadh i láthair i dtuarascálacha le déanaí ina léirítear an géarú ar an athrú aeráide agus go bhfuil an t-áiméar ag imeacht uainn an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 C agus iarrachtaí a dhéanamh gan ach méadú teochta 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a cheadú; LEAGANN SÍ BÉIM ar an bpráinn, nach raibh a leithéid ann riamh roimhe, go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí domhanda chun an t-athrú aeráide a stopadh agus a aisiompú. TÁ SÍ AG SÚIL leis an tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) faoi na tionchair a ghabhann le téamh domhanda atá 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus faoi na conairí laghdaithe gaolmhara maidir le hastaíochtaí domhanda na ngás ceaptha teasa; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, AGUS IS CÚIS IMNÍ DI, na torthaí ar an taighde a rinne an Chomhairle Artach le déanaí a léiríonn go bhfuil teocht an Artaigh ag ardú ar ráta atá breis agus dhá uair níos tapa ná an meánráta domhanda agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha domhanda ag eascairt as sin dá réir. AITHNÍONN SÍ an iarraidh go ndéanfaí gníomhú níos tapa ar son na haeráide a tháinig ón gcruinniú mullaigh dar teideal *One Planet* a bhí ar siúl i mí na Nollag 2017.

3. AITHNÍONN SÍ gur nochtadh freisin ag an 23ú ceann de Chomhdhálacha na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP 23) go bhfuil an imní ag méadú nach leordhóthanach na gealltanais dhomhanda a tugadh cheana chun an cúrsa a athrú; TÁ RÚN DAINGEAN AICI FÓS ár ngealltanais féin a chomhlíonadh maidir lena bhfuil de dhíth chun Comhaontú Pháras a oibríochtú go hiomlán, bunaithe ar chóras uilíoch ag a bhfuil rialacha is infheidhme maidir le cách a bhí ag COP 24.

**Aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an t-athrú aeráide agus an tslándáil**

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil impleachtaí díreacha agus indíreacha ag an athrú aeráide maidir leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta, ar impleachtaí iad a dhéanann difear go príomha do na daoine sin atá sna staideanna is leochailí agus is soghonta amuigh, atá bainteach le cailliúint na slite maireachtála, a chuireann neart le brúnna comhshaoil agus leis an riosca tubaiste, a bheireann easáitiú daoine dá n-ainneoin féin agus a mhéadaíonn an baol ann go mbeadh corraíl pholaitiúil agus shóisialta ann.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is cúis imní di, go bhfuil acmhainní uisce agus éiceachórais an domhain ag dul in olcas, agus chomh maith leis sin go bhfuil an baol i ndáil le huisce ag méadú, an ganntanas uisce san áireamh, mar aon le baol na dtarluithe olltubaisteacha. AITHNÍONN SÍ an gá atá le tuilleadh iarrachtaí idirnáisiúnta cuimsitheacha comhbheartaithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sin na hathraithe aeráide a bhaineann le huisce i gcomhréir le conclúidí 2013 ón gComhairle maidir le taidhleoireacht an Aontais i ndáil le huisce, agus le tionscnaimh amhail Cruinniú Mullaigh Uisce Bhúdapeist 2016, agus TÁ SÍ AG SÚIL leis an 8ú ceann de chruinnithe Chomhairle Domhanda an Uisce ar an 18-23 Márta 2018 in Brasilia. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le comhar trasteorann maidir le cúrsaí comhshaoil idir na Ballstáit agus tíortha comhpháirtíochta, go háirithe maidir le measúnuithe tionchair trasteorann comhshaoil, i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe Coinbhinsiún Espoo, Coinbhinsiún Aarhus agus an Coinbhinsiún maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip.

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, de réir mar a fheidhmíonn an t-athrú aeráide mar iolraitheoir bagartha, go mbeidh gá le freagairtí forbraíochta atá níos íogaire ó thaobh coinbhleachta de a oiread céanna agus a bheidh gá le cur chuige slándála atá níos íogaire ó thaobh na haeráide de, go háirithe sna tíortha sin atá an-leochaileach go deo mar thoradh ar iarmhairtí an athraithe aeráide agus iad faoi bhrú cheana féin de bharr cúinsí nádúrtha, sóisialta nó polaitiúla. BEARTAÍONN SÍ an nasc idir an t-athrú aeráide agus an tslándáil a phríomhshruthú tuilleadh san idirphlé beartais, i gcosc coinbhleachtaí, sa ghníomhaíocht forbraíochta agus dhaonnúil agus i straitéisí riosca tubaiste. Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN AN tAONTAS leis an obair leanúnach faoi chuimsiú G7, lena n-áirítear dea-chleachtais a mhalartú i nGrúpa Oibre G7 maidir leis an aeráid agus le leochaileacht, agus i gcóras na Náisiún Aontaithe, agus go háirithe CSNA a spreagadh chun béim níos mó a leagan ar an nasc idir an fhorbairt agus an tslándáil, agus moltar an nasc sin a lua arís is arís eile sna rúin agus sna ráitis ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus breathnú ar roghanna eile, lena n-áirítear ar leibhéal na n-institiúidí, chun measúnú agus bainistiú riosca aeráide a neartú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe.

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá le freagairtí éifeachtacha ar rioscaí slándála aeráide a chomhtháthú tuilleadh i réimsí éagsúla beartais — an ghníomhaíocht ar son na haeráide agus forbairt na hathléimneachta ar thaobh amháin agus an taidhleoireacht choisctheach agus measúnú feabhsaithe riosca ar an taobh eile – d'fhonn an ceangal a neartú idir an luathrabhadh agus an ghníomhaíocht luath. AITHNÍONN SÍ gur gá bainistiú inbhuanaithe uisce agus talún a chur chun cinn, mar aon le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, d'fhonn seirbhísí éiceachórais a chothabháil. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht fhéideartha a léiriú leis an anailís ar an aeráid agus ar an tslándáil, rud a rinneadh, mar shampla, le Dearbhú na Háige 2017 a bhí ina chuid den tsraith comhdhálacha maidir leis an tslándáil phláinéadach.

8. TÁ SÍ AG TNÚTH leis an imeacht ardleibhéil maidir leis an aeráid agus leis an tslándáil, a bheidh ar siúl sa Bhruiséil i mí an Mheithimh, a thionscain an tArdionadaí/Leas-Uachtarán Mogherini d'fhonn béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar na héifeachtaí díchobhsaitheacha agus ar na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus d'fhonn rún daingean an Aontais agus a chuid comhpháirtithe bheith ag gníomhú go pras agus go huaillmhianach i ndáil leis sin a athdhearbhú.

**Gealltanas gníomhaíochta an Aontais – ar gach leibhéal**

9. CUIREANN SÍ I dTREIS gur príomhspreagthóir é an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (RCN) maidir le gníomhaíocht uaillmhianach aeráide a chomhtháthú sa bheartas náisiúnta, de bhrí gur bunchloch na bpleananna forbartha leathana náisiúnta é, agus gur gá an RCN sin a úsáid i mbeartais agus i mbearta intíre, i gcomhréir le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar an mbearna shuntasach idir tionchar comhiomlán an RCN atá ann faoi láthair, i dtéarmaí astaíochtaí domhanda bliantúla na ngás ceaptha teasa, agus comhiomláine na gconairí astaíochtaí a bheadh comhsheasmhach leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus an gá le hiarrachtaí a dhéanamh gan ach méadú teochta 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a cheadú.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur ghlac an tAontas an reachtaíocht ba ghá go luath chun RCN de chuid an Aontais a chur chun feidhme mar chuid d'aontas fuinnimh uaillmhianach a bhfuil beartas réamhbhreathnaitheach athraithe aeráide aige. DEIMHNÍONN SÍ gealltanas an Aontais comhoibriú lena gcomhpháirtithe agus an taithí atá aici agus a bhfuil foghlamtha aici trí dhlús a chur le cur chun feidhme éifeachtach beartais, lena n-áirítear trí thionscnaimh amhail comhpháirtíocht RCN, a roinnt leo, freisin, agus béim láidir á leagan aici ar rannpháirtíocht an Aontais d'fhonn na gealltanais athraithe aeráide a thug sí roimh 2020 a chomhlíonadh.

11. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá gníomhaíocht, straitéisí agus pleananna oiriúnaithe atá éifeachtach éifeachtúil, lena n-áirítear úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar an éiceachóras chun feabhas a chur ar an acmhainn oiriúnaithe, an athléimneacht a neartú, agus an leochaileacht maidir le hathrú aeráide a laghdú i gcomhthéacs Chomhaontú Pháras. Sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍONN SÍ an méid atá á dhéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit cheana féin chun feabhas a chur ar an athléimneacht agus ar an acmhainn oiriúnaithe a mhéadú. TÁ AN tAONTAS SÁSTA leanúint de bheith ag obair i gcomhar leis na comhpháirtithe uile, lena n-áirítear na tíortha is leochailí, agus go háirithe na tíortha is lú forbairt agus na stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha (SIDS), d'fhonn dlús a chur leis an dul chun cinn ar gach leibhéal. MEABHRAÍONN SÍ freisin an bun-nasc idir an aeráid agus na haigéin, mar a léirítear sa teachtaireacht chomhpháirteach "Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan".

12. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas de chearta an duine a chaomhnú, a chur chun cinn agus a chosaint, i gcomhthéacs an athraithe aeráide agus na taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid. CUIREANN SÍ I BHFIOS a ríthábhachtaí atá an comhionannas inscne agus cumhachtú, rannpháirtíocht iomlán chomhionann agus ceannaireacht na mban d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide; LEAGANN SÍ BÉIM, chomh maith leis sin, ar an ról a bheidh ag an bpobal áitiúil le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide.

13. CUIREANN SÍ IN IÚL go soláthraíonn an tAontas agus na Ballstáit an-chuid fothú acmhainní agus aistriú teicneolaíochta. CUIREANN SÍ I bhFIOS gurb iad an tAontas agus na Ballstáit na soláthraithe is mó maoinithe poiblí don ghníomhú ar son na haeráide agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh rannpháirtíochta ó réimse níos leithne ranníocóirí chomh maith le dul chun cinn uaillmhianacha maidir le cuspóir bunathraitheach Chomhaontú Pháras go mbeidh sreafaí airgeadais á n-úsáid go comhsheasmhach d'fhonn leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, agus forbairt aeráidseasmhach a dhéanamh, go sábháilte agus go hinbhuanaithe. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta leanúint de leas méadaitheach a bhaint as an maoiniú idirnáisiúnta ar son na haeráide, mar chuid de sprioc chomhchoiteann na dtíortha forbartha USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh go comhpháirteach don mhaolú agus don oiriúnú faoi 2020 agus ar aghaidh go 2025, ó réimse leathan foinsí, ionstraimí agus bealaí d'fhonn cúnamh a thabhairt do thíortha atá i mbéal forbartha an t-oiriúnú don athrú aeráide agus na pleananna maolaithe atá acu a chur chun feidhme. AITHNÍONN SÍ an iarraidh a tháinig ón gcruinniú mullaigh dar teideal *One Planet* a bhí ar siúl i mí na Nollag 2017 go méadófaí maoiniú poiblí mar aon le maoiniú príobháideach chun tacú le gníomhaíocht níos tapa ar son na haeráide.

14. MEABHRAÍONN SÍ an nasc idir an aeráid agus an fhorbairt a leagadh amach cheana féin sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN AN tAontas agus a Bhallstáit I BHFIOS GO LÁIDIR gur céimeanna tábhachtacha iad carbóin a phraghsáil agus fóirdheontais do bhreoslaí iontaise a athchóiriú chun an timpeallacht a chruthú agus a chumasú go mbeidh sreafaí airgeadais á n-úsáid go comhsheasmhach d'fhonn leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, agus forbairt aeráidseasmhach a dhéanamh, go sábháilte agus go hinbhuanaithe, agus gur féidir leis an gcomhar i gcúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta idirnáisiúnta agus i gcúrsaí fuinnimh a bheith tábhachtach maidir le réitigh nuálacha inbhuanaithe a chur ar fáil lena dtabharfar aghaidh ar dhúshlán domhanda an athraithe aeráide.

15. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá gníomhaithe neamhstáit i ndáil le gníomhaíocht ar son na haeráide. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean ag an Aontas teagmháil a dhéanamh le gníomhaithe neamhstáit ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus na rialtais áitiúla agus réigiúnacha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról ríthábhachtach atá ag gníomhaithe neamhstáit mar a aithnítear iad sa chlár oibre gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide de chuid Chomhaontú Pháras, i gclár oibre 2030 maidir le forbairt inbhuanaithe agus i gclár oibre gníomhaíochta Addis Ababa. Chomh maith leis sin CUIREANN SÍ I bhFIOS an tábhacht a bhaineann le creat Sendai um laghdú rioscaí tubaistí. IS DÍOL SÁSAIMH DI Dearbhú Bonn-Fiji a thug rialtais áitiúla agus réigiúnacha chun Comhaontú Pháras a chur i gcrích mar aon leis na gealltanais a thug institiúidí airgeadais ag an gcruinniú mullaigh dar teideal *One Planet* a bhí ar siúl i bPáras le déanaí, cruinniú ar lena linn a thug an earnáil phríobháideach ról ceannasaíochta uirthi freisin maidir le maoiniú na gníomhaíochta ar son na haeráide, agus TÁ SÍ AG SÚIL le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, gnólachtaí agus lucht riaracháin áitiúil ag an gcruinniú mullaigh domhanda ar son na haeráide a bheidh in San Francisco i mí Mheán Fómhair 2018.

**Abhcóideacht, obair for-rochtana agus ceannaireacht an Aontais**

16. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá leanúint le hobair mhór for-rochtana polaitiúla agus taidhleoireachta poiblí a dhéanamh, chomh fada leis na leibhéil oifigiúla is airde, lena n-airítear sna pobail iolbheartais agus le réimse iomlán na ngníomhaithe réigiúnacha agus foréigiúnacha. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé do gheilleagair G20, arb iad is cúis le 80% d'astaíochtaí domhanda, leanúint den ghníomhaíocht agus den cheannaireacht, go háirithe trí chur chun feidhme phlean gníomhaíochta G20 Hamburg maidir leis an aeráid agus le fuinneamh le haghaidh fáis. BEARTAÍONN SÍ dlús a chur lena hiarrachtaí neart a chur leis na comhghuaillíochtaí atá ann cheana agus cinn nua a lorg le tíortha i ngach réigiún, freisin, d'fhonn an t-athrú aeráide a mhaolú agus d'fhonn a bheith réidh le hoiriúnú do na hiarmhairtí agus na rioscaí méadaitheacha a bhaineann leis.

17. TÁ SÍ AG TNÚTH le cruinniú aireachta 2018 maidir le gníomhú ar son na haeráide a thionólfaidh an tAontas Eorpach, Ceanada agus an tSín go comhpháirteach sa Bhruiséil go n-athdhearbhófaí an cheannaireacht agus an tiomantas maidir le cur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras.

18. TACAÍONN SÍ le cumarsáid straitéiseach a neartú chun gur fearr is féidir ardleibhéal uaillmhéine agus tiomantais an Aontais a léiriú agus a chur chun cinn, ar bhonn intíre agus i measc tíortha comhpháirtíochta, gníomhaithe neamhstáit agus na meán, agus chun na dálaí is fearr a chruthú le dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht faoi chlár oibre Chomhaontú Pháras agus faoi thabhairt chun críche an chláir sin, agus, ag an am céanna, na sochair ó thaobh fás inbhuanaithe agus poist ghlasa de, a thiocfaidh amach anseo as laghdú astaíochtaí ísle sábháilte inbhuanaithe gás ceaptha teasa, a chur chun cinn.

**Comhleanúnachas beartais aeráide sa trádáil, san iompar agus san fhuinneamh**

19. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil méadú ar an idirghníomhaíocht idir beartais aeráide agus beartais lena rialaítear an trádáil idirnáisiúnta agus an infheistíocht agus CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le bheith ag obair ar bhonn déthaobhach agus ar bhonn iltaobhach chun comhthacaíocht fhrithpháirteach na mbeartas aeráide agus na mbeartas trádála a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an athrú go geilleagar sábháilte inbhuanaithe ísealcharbóin acmhainn-éifeachtúil aeráidseasmhach, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le bacainní taraifí agus neamhtharaifí ar an trádáil agus ar an infheistíocht maidir le fuinneamh in-athnuaite. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithi an 6 Márta 2017 maidir leis na sineirgí a threisiú san Aontas idir taidhleoireacht aeráide agus taidhleoireacht fuinnimh. Tá an taidhleoireacht fuinnimh ríthábhachtach, go háirithe, chun tacú leis an athrú go meascán inbhuanaithe fuinnimh ar fud an chórais lena gcuirfear chun cinn foinsí inathnuaite agus bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

20. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá don Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) bearta gasta iomchuí breise a dhéanamh chun go rannchuideoidh an loingseoireacht idirnáisiúnta go cothrom leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus chun go dtiocfar ar chomhaontú i mí Aibreáin 2018 ar straitéis tosaigh de chuid IMO maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ba cheart cuspóir laghdaithe astaíochtaí leordhóthanach a bheith mar bhonn dó sin, cuspóir a bheadh ag teacht le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras, agus liosta de bhearta féideartha san áireamh ar bearta gearrthéarma, meántéarma nó fadtéarma iad agus a bheadh chomh infheidhme céanna i ndáil le gach long, mar a comhaontaíodh sa treochlár le haghaidh straitéis IMO cuimsitheach a fhorbairt maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa. Is DÍOL SÁSAIMH DI Dearbhú Tony de Brum arna eisiúint le linn an chruinnithe mullaigh dar teideal *One Planet* agus leagann sí béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí for-rochtana iomchuí in oirchill an 72ú seisiún den choiste um chaomhnú an chomhshaoil mhuirí de chuid IMO, chun cur leis an móiminteam polaitiúil, agus toradh rathúil á saothrú ag an am céanna sa seisiún sin.

21. IARRANN SÍ ar an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) rialacha láidre a ghlacadh chun cur chun feidhme éifeachtach na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a áirithiú, scéim a comhaontaíodh ag Tionól 2016 ICAO, agus a dhaingniú go mbeidh an rannpháirtíocht is leithne is féidir ag na Ballstáit ionas go mbainfear amach an cuspóir maidir le fás neodrach ó thaobh carbóin ó 2020. Faoi láthair, comhlánaítear an cuspóir sin le bearta eile, amhail dul chun cinn maidir le bainistíocht aerthráchta, teicneolaíochtaí aerárthaí agus breoslaí inbhuanaithe malartacha. Beidh sé fíorthábhachtach leanúint le beartais agus cláir le haghaidh taighde agus nuálaíochta chun an dul chun cinn teicneolaíoch agus na feabhsuithe oibríochtúla is gá a chumasú d'fhonn tuilleadh laghduithe astaíochtaí a bhaint amach, i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras.

**Ag tarraingt ar COP 24**

22. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinne na comhpháirtithe maidir le clár oibre Chomhaontú Pháras le linn COP 23 Fhidsí. AITHNÍONN SÍ, AR A BHARR SIN, go bhfuil sé bunriachtanach rialacha comhchoiteanna a bheith ann, i leith an chreata trédhearcachta ach go háirithe, do na comhpháirtithe uile, chun a áirithiú go gcuirfear forálacha Chomhaontú Pháras chun feidhme go héifeachtach. IS DEIMHIN LÉI FÓS gur gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le gnéithe uile chlár oibre Chomhaontú Pháras ar bhealach cothrom d'fhonn é a thabhairt chun críche ag COP 24.

23. IARRANN SÍ go ndéanfaí machnamh comhchoiteann cuimsitheach comhbheartaithe ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na spriocanna oiriúnaithe agus maolaithe a comhaontaíodh, ar ceart dó bheith i gcomhréir le spriocanna teochta fadtéarma Chomhaontú Pháras. Is sa chomhthéacs sin ATÁ SÍ AG SÚIL LE hidirphlé 2018 *Talanoa* a thíolaic Uachtaránacht Fhidsí ag COP 23, ar idirphlé é atá le bheith ar siúl arís le linn 2018. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanais an Aontais agus na mBallstát chun bheith iomlán rannpháirteach san idirphlé agus GRÍOSANN SÍ na páirtithe go léir chun leas a bhaint as an deis seo breathnú ar na hiarrachtaí comhchoiteanna a rinneadh chun cuspóirí fadtéarma maolaithe a bhaint amach faoi Chomhaontú Pháras agus chun bonn eolais a chur faoi ullmhúcháin RCN le linn na céime polaitiúla d'idirphlé *Talanoa* ag COP 24, céim ina ndíreofar ar an ngníomhaíocht chomhchoiteann agus ar fheabhas a chur ar an uaillmhian dhomhanda. Beidh deis ag COP 24 breathnú ar na hiarrachtaí uile atá déanta ag na páirtithe sa tréimhse roimh 2020. MEASANN SÍ gur foinse luachmhar eolais le haghaidh an phlé sa chomhthéacs seo tuairisc speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis na tionchair a ghabhann le téamh domhanda 1.5°C.

24. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ríthábhacht ag baint le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ar an mbonn is leithne agus le plé idir comhpháirtithe idirnáisiúnta chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go tráthúil agus san am céanna an t-athrú atá de dhíth sa gheilleagar domhanda a thabhairt i gcrích. Sa chomhthéacs sin, SAINAITHNÍONN SÍ gur téama lárnach é idirphlé *Talanoa* maidir le taidhleoireacht aeráide an Aontais in 2018, agus dá bharr sin féadfaidh an tAontas agus na Ballstáit cur leis an tuiscint fhrithpháirteach agus leis an muinín lena gcothaítear comhar láidir le tíortha comhpháirtíochta agus le geallsealbhóirí ar bhonn níos leithne, mar aon le clár oibre Chomhaontú Pháras a thabhairt chun críche ag COP 24.

25. TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR le rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide mar aon le Fidsí agus leis an bPolainn agus iad i mbun uachtaránachta ar COP 23 agus ar COP 24 faoi seach, agus an comhphobal domhanda á threorú acu ionas go mbeidh rath ar COP 24, agus TÁ RÚN DAINGEAN AICI FÓS toradh rathúil a áirithiú ar COP 24, agus idirphlé *Talanoa* ina phríomhghné de, mar aon le bailchríoch ar chlár oibre Chomhaontú Pháras agus ar chlár oibre maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus an tAontas agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta uile a chur ag obair i mbun gníomhaíochta leanúnaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.